

Tuarascáil Bhliantúil de Bhinse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019

(De bhun Alt 57AW d'Acht an Bhainc Ceannais 1942 agus mar a cuireadh isteach ag Alt 28 d'Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003).

1. Bunaíodh Binse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann ("BASAÉ" nó "an Binse") de bhun Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003 ("Acht 2003").

Comhaltas an Bhinse

2. Ag tús 2019 bhí ceathrar comhalta ar an mBinse a d'ainmnigh an Rialtas agus rinne Uachtarán na hÉireann iad a cheapadh. Ba é feidhmeannach an Bhinse ná an tUasal John D. Cooke, Abhcóide Sinsir, Cathaoirleach, iarBhreitheamh ó Chúirt Chéadchéime an Aontais Eorpaigh agus Ard-Chúirt na hÉireann. Ba iad seo a leanas gnáthchomhaltaí an Bhinse: Paul Brennan, Aturnae; Helen Collins, Aturnae; agus Conor Power, Abhcóide Sinsir.
3. Athcheap Uachtarán na hÉireann na comhaltaí thuasluaite ar an mBinse ar an 26^ú Samhain 2018, le haghaidh téarma cúig bliana. D'oscail an Roinn Airgeadais próiséis earcaíochta chun na trí post folamh ar an mBinse a líonadh, post an Leas-Chathaoirleach san áireamh.
4. I mí Dheireadh Fómhair 2019 cheap Uachtarán na hÉireann na comhaltaí thíosluaite ar an mBinse, le haghaidh téarma cúig bliana: ceapadh Patricia O'Sullivan Lacy, Abhcóide, mar Leas-Chathaoirleach, agus ceapadh Úna Tighe, Abhcóide Sinsir, agus Eilis Brennan, Abhcóide Sinsir, mar ghnáth comhaltaí an mBinse.
5. I mí Bealtaine 2019, ceapadh Cláraitheoir an Bhinse, Treasa Kelly, mar Bhreitheamh den Chúirt Dúiche, agus leis sin ní raibh sí incháilithe post an Chláraitheoir a líonadh a thuilleadh.

6. I mí Bealtaine 2019, ceapadh Helen-Claire O'Hanlon, Abhcóide, mar Chláraitheoir an BASAÉ.
7. Tá oifigí an Bhinse lonnaithe ag ag 4/5 Cearnóg Árann, Lána Lincoln, Cé Árann, Baile Átha Cliath 7, D07 CTX4; Suíomh gréasáin: www.ifsat.ie agus Seoladh Ríomhphoist: Registrar@IFSAT.ie.

Gnásanna Achomharc:

8. Is comhlacht gar-bhreithiúnach é an BASAÉ le cumhachtaí reachtúla chun éisteacht agus dearbhú a dhéanamh ar achomhairc ó chinntí áirithe a thugann an Banc Ceannais, is iad sin 'cinntí inachomhairc' mar atá sainmhínithe ag Alt 11 d'Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísi Airgeadais na hÉireann 2004.
9. Cuirtear tús le achomharc go BASAÉ trí Fógra Achomhairc a chur faoi bhráid an Bhinse. Bíonn ceithre lá dhéag ansin ag an mBanc Ceannais a Fhreagra ar an achomharc a thabhairt. (Tá foirmeacha maidir le Fógra Achomhairc agus Freagra ar Achomharc ar fáil ar shuíomh gréasáin an BASAÉ). I ndiaidh do na páirtithe na páipéir a mhalartú agus réamhcheisteanna a phlé, tabharfaidh an triúr comhalta, arna ainmnithe ag an gCathaoirleach mar an painéal sannta don cas, éisteacht don achomharc agus déanfaidh siad cinneadh air.
10. Tá fáil ar orduithe agus ar chinntí scríofa an BASAÉ ar shuíomh gréasáin an BASAÉ: www.ifsat.ie.

Achomhairc:

11. Cuireadh dhá Fógra Achomhairc faoi bhráid an Bhinse i rith na bliana 2019.
12. Trí Fhógra Achomhairc dar dáta an 11^ú Meitheamh 2019, thug J.J.

Meers fógra achomhairc don BASAÉ ó chinneadh an Bhainc Ceannais leasú a chur i bhfeidhm ar na coinníollacha a bhain le h-údarú AIUD de bhun Rialchán 26 de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Árachas agus Athárachas) 2015.

13. Caitheadh amach an t-achomharc de bharr neamh-chomhlíonadh rialacha an BASAÉ 2008.
14. Trí Fhógra Achomhairc dar dáta an 22^ú Samhain 2019, thug Bryan Dobson fógra achomhairc don BASAÉ ó chinneadh an Bhainc Ceannais clárú idirghabhálaí árachais an chomhlachta a chuir ar ceal.
15. D'iarr an Banc Ceannais ar fadú tréimhse lena Fhreagra ar Achomharc a chur faoi bhráid an mBinse, agus tugadh an fadú sin go dtí 18^ú Nollaig 2019.
16. Faoi dheireadh na bliana, níor cuireadh críoch fós le himeachtaí na n-achomharc.

Cuntais Bhliantúla:

17. Tá na cuntais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019 ar fáil le seo.
18. Arna foráladh ag Alt 57AW d'Acht an Bhainc Ceannais 1942 (mar atá leasaithe), foilseoidh an Binse an Tuarascáil seo i ndiaidh di dul faoi bhráid Tithe an Oireachtais agus féadfaidh daoine ón bpobal cóip den Tuarascáil a íoslódáil ó shuíomh gréasáin an Bhinse.

An tUasal John D. Cooke (Abhcóide
Sinsir) Cathaoirleach
Dar dáta: 26 Márta 2020